Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7173/23**

**ENT 46**
**CHIMIE 19**
**MI 175**
**IND 95**
**CONSOM 69**
**SAN 123**
**ENV 211**
**COMPET 180**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 5225/23 + ADD 1 - D 084711/2 |
| Ábhar: | Rialachán (AE) ón gCoimisiún .../... an XXX lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR) agus atá faoi réir srianta<br>- Cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha |

1. An 10 Eanáir 2023, chuir an Coimisiún an dréachtrialachán thuasluaite faoi bhráid na Comhairle, lena leasaítear Iarscríbhinn XVII de Rialachán (CE) 1907/2006[1] (REACH) i gcomhréir le hAirteagal 68(1) agus le hAirteagal 133(1) de.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1) (leagan comhdhlúite:17/12/2022);

2. Substaintí a aicmítear mar CMR, is substaintí iad a liostaítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008[2] (Rialachán CLP). Toirmisctear le hiontrálacha 28, 29 agus 30 d'Iarscríbhinn XVII de REACH substaintí atá aicmithe mar CMR a chur ar an margadh agus a úsáid, lena soláthar don phobal i gcoitinne. Dá bhrí sin, ba cheart Foscríbhinní 2 agus 6 a ghabhann le hIarscríbhinn XVII a leasú ionas go mbeidh siad ag teacht le haicmiú nua substaintí mar CMR i Rialachán CLP, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún[3].

3. An 13 Nollaig 2022; i gcomhréir le hAirteagal 5a(2) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, vótáil an Coiste d'aon toil i bhfabhar an bhirt.

4. An 11 Eanáir 2023, iarradh ar na toscaireachtaí a léiriú faoin 28 Feabhra 2023 dá mbeadh sé i gceist acu cur i gcoinne an dréachtrialacháin. Níor tharraing aon toscaireacht anuas aon fhoras le cur ina aghaidh.

5. De bhun an nós imeachta in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle[4], déantar na dréachtbhearta sin, sula nglacfaidh an Coimisiún iad go foirmiúil, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngrinnscrúdú. Mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle i gcoinne na mbeart arna mbeartú, glacfaidh an Coimisiún an dréacht-Rialachán an 9 Aibreán 2023.

6. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a dhaingniú nach bhfuiltear ag cur i gcoinne an dréacht-Rialacháin mar a leagtar amach in 5225/23 + ADD 1 é mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1) (leagan comhdhlúite:17/12/2022);

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena leasaítear, chun í a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 129, 3.5.2022, lch. 1);

[4] Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23); Is é leagan an 23/7/2006 an leagan comhdhlúite reatha.